







Topaic: Tacú le deiseanna le haghaidh súgradh rioscach

Tarraingítear aird in *Aistear* agus in *Síolta* araon ar a thábhachtaí atá sé do pháistí dul sa seans agus dul i riosca ina gcuid foghlama agus forbartha. Bealach amháin leis seo a dhéanamh ná a bheith ag tabhairt faoin súgradh rioscach. Is é an cur síos leathan a bheadh air seo ná súgradh fisiciúil eispriseach spreagúil, a mbeadh gné den riosca, dúshlán agus eachtraíocht ag baint leis.



Príomhnaisc

- Téama *Aistear*: [Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht](#)
- *Síolta* Caighdeán 6: [Súgradh](#)

Bíonn an súgradh rioscach spráúil, spreagúil agus ábhairín scanrúil fiú.

		✓
	Bíonn go leor buntáistí ann do pháistí a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí súgartha rioscaigh ach tagann dúshlán leo freisin do roinnt páistí. Breathnaigh ar an bhfíseán ceithre-nóiméad seo leis an Dr. Orla Kelly ar bhuntáistí agus dúshlán an tsúgartha rioscaigh do pháistí ó 3 - 6 bliana.	
	Gheofar treoir agus tacaíocht san acmhainn seo ar bhealaí le tacú le deiseanna le haghaidh súgradh rioscach do pháistí ó 1 - 6 bliana d'aois d'oideachasóirí luathbhlianta.	
	Tacaíonn scileanna bunghluaiseachta le forbairt fhoriomlán páistí, lena gcomhordú agus lena ndeaslámhacht fhisiceach go háirithe, dhá rud a bhfuil tábhacht ag baint leo i dtaca le rannpháirtíocht páistí sa Súgradh Rioscach. Cuideoidh an leabhrán seo leat tuiscint níos doimhne a chur ar na Bunscoilanna Gluaiseachta.	
	Amhail gach cineál súgartha, is fearr breathnóireacht agus doiciméadú a dhéanamh ar shúgradh rioscach páistí agus ar a gcuid idirghníomhaithe agus deiseanna foghlama thar thréimhse mharthanach ama. D'fhéadfadh an acmhainn seo a bheith úsáideach agus breithniú á dhéanamh ar an mbealach is fearr le foghlaim agus forbairt páistí a dhoiciméadú.	



	<p>Dhá thoisc thábhachtacha nuair a bhítear ag pleanáil le haghaidh deiseanna foghlama sa Súgradh Rioscach do pháistí ná</p> <ol style="list-style-type: none">1) An timpeallacht foghlama agus2) Cothromaíocht a aimsiú idir riosca agus sábháilteacht <p>Labhraíonn an Dr. Orla Kelly ar an dá cheist seo sna físeáin a bhfuil nasc chucu thuas.</p>	
	<p>Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur próiseas é páistí a spreagadh agus a éascú chun tabhairt faoi dheiseanna le haghaidh súgradh rioscach, próiseas a dhéanfaí a fhorbairt thar thréimhse ama. D'fhéadfadh sé gur chuidiú í an Uirlis Phleanála Gníomhaíochta ar Threoir Chleachtais <i>Aistear Síolta</i> i dtaca le machnamh agus forbairt leanúnach sa réimse seo cleachtais. Tá an uirlis seo ar fáil anseo.</p>	

Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh

Ceisteanna le haghaidh Machnaimh: Céard atá ag oibriú go maith duit sa réimse seo? Cé na dúshláin a raibh ort plé leo sa réimse seo? Céard a dhéanfaidh tú ar bhealach difriúil amach anseo?



Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .



Ceisteanna le haghaidh Machnaimh: Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a bhfuil sé beartaithe agat iad a dhéanamh ar do chleachtas Cén chaoi a mbeidh tionchar dearfach ag na hathruithe seo ar fhoghlaim agus forbairt páistí? Smaoinigh ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil uait. Cad iad na gnéithe den obair seo ar mhaith leat tosaíocht a dhéanamh díobh agus díriú orthu sna seachtainí beaga atá romhainn?



Nasc chuig an Treoir Chleachtais [Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta](#)

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar www.aistearsiolta.ie

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.